Stailc na Múinteoirí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi mhúinteoirí ag dul ar stailc. Cé hiad na múinteoirí atá ag dul ar stailc agus cén fáth, dar leat? Féach ar na pictiúir chun cuidiú leat.

Déan plé leis an duine in aice leat faoin méid atá ar eolas agat faoin scéal.

Ceist 2 Ceangail na focail Ghaeilge leis na focail Bhéarla.

1. pleaded	a. *géilleadh*
2. Minister for Education	b. *d'impigh*
3. The trade unions	c. *a ndícheall*
4. to reach a compromise	d. *féachaint leis an stailc a sheachaint*
5. reform	e. *An tAire Oideachais*
6. will affect	f. *na ceardchumainn*
7. submission	g. *idirbheartaíocht*
8. negotiations	h. *athchóiriú*
9. willing and open	i. *níor tugadh cluas le héisteacht dóibh*
10. their best	j. *rachaidh sé i bhfeidhm ar*
11. they were not listened to	k. *toilteanach agus oscailte*
12. to try to avoid the strike	l. *teacht ar chomhréiteach*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc den dara huair agus abair an bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach:

1. Beidh stailc ar siúl amárach.

2. Is iad na múinteoirí bunscoile atá ag dul ar stailc.

3. Tá na múinteoirí ag dul ar stailc de bharr na leasuithe atá molta do scrúduithe an Teastais Shóisearaigh.

4. Deir an tAire Oideachais go gcaithfidh na ceardchumainn géilleadh agus a bheith sásta teacht ar chomhréiteach.

5. Ní aontaíonn Declan Glynn le haon chuid de na hathruithe atá molta.

6. Deir Philip Irwin gur éist an rialtas go géar lena raibh le rá ag na ceardchumainn.

7. Beidh stailc lae eile ar siúl i mí Eanáir 2016.

Ceist 4 Cén Ghaeilge atá agat ar na hairí seo a leanas:

Minister for Health
Minister for Defence
Minister for Finance
Minister for Arts, Heritage and the Gaeltacht

Ceist 5 '…***scrúduithe***…'
an scrúdú
deacracht an scrúdaithe
na scrúduithe
deacracht na scrúduithe

Anois, lean an patrún céanna chun an fhoirm cheart de na focail seo, a bhí sa mhír freisin, a chur sna bearnaí:

Leasuithe
an _____
castacht an _____
na _____
castacht na _____

Athruithe
an t- _____
am an _____
na h_____
am na n-_____

Ceist 6 Cén fáth an bhfuil séimhiú ar na focail seo thíos?
- an chuma
- an cheist

Ceist 7 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An gcuireann an stailc seo isteach ar oideachas na ndaltaí scoile?
2. Cad iad na buntáistí a bhaineann le dul ar stailc, dar leat?
3. Cad a cheapann tú féin faoi mhúinteoirí ag ceartú scrúduithe a ndaltaí féin don Teastas Sóisearach?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
b	e	f	l	h	j	a	g	k	c	i	d

Ceist 3

1. Fíor.
2. Bréagach. Múinteoirí meánscoile atá ag dul ar stailc.
3. Fíor.
4. Fíor.
5. Bréagach. Tá sé sásta labhairt faoi na moltaí ar fad, seachas an moladh faoi mharcáil na scrúduithe.
6. Bréagach. Deir sé nár tugadh cluas le héisteacht dóibh.
7. Bréagach. 2015.

Ceist 4

An tAire Sláinte
An tAire Cosanta
An tAire Airgeadais
An tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

Ceist 5

Leasuithe

an *leasú*
castacht an *leasaithe*
na *leasuithe*
castacht na *leasuithe*

Athruithe

an t-*athrú*
am an *athraithe*
na h*athruithe*
am na *n-athruithe*

Ceist 6

Is focail bhaininscneacha iad.

Ceist 7

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá an chuma ar chúrsaí tráthnóna go rachaidh stailc lae mhúinteoirí meánscoile na tíre ar aghaidh amárach. Inniu, d'impigh an tAire Oideachais, Jan O'Sullivan, ar na ceardchumainn a theacht ar chomhréiteach faoi na leasuithe atá molta do scrúduithe an Teastais Shóisearaigh.

Caoimhe Ní Laighin
Seo é an lá deireanach roimh an stailc atá beartaithe ag múinteoirí meánscoile na tíre. Baineann an stailc atá beartaithe leis an athchóiriú atá déanta ar an Teastas Sóisearach. Rachaidh an stailc i bhfeidhm ar thrí chéad is caoga míle dalta. Beidh scoileanna ar fud na tíre, mar an cheann seo i Ráth Garbh dúnta agus a gcuid múinteoirí amuigh ar stailc. Dúirt an tAire Oideachais, Jan O'Sullivan, inniu go gcaithfidh múinteoirí de chuid na gceardchumann, an TUI agus an ASTI, a thuiscint go gcaithfidh géilleadh nó comhréiteach a bheith mar chuid d'aon iarracht ar idirbheartaíocht. Ach deir Aontas Múinteoirí Éireann gur ghlac na ceardchumainn go han-dáiríre leis an bpróiseas idirbheartaíochta.

Declan Glynn, Aontas Múinteoirí Éireann
Níl sé ceart don Aire a rá nár ghéill muid. Tá muid sásta agus toilteanach agus oscailte breathnú ar na hathruithe uile atá i gceist ag an Aire, seachas an cheist is conspóidí, is é sin marcáil na scrúduithe.

Caoimhe Ní Laighin
Dúirt uachtarán an ASTI, Philip Irwin, inniu go bhfuil a ndícheall déanta ag múinteoirí ach níor tugadh cluas le héisteacht dóibh. Dúirt an tAire O'Sullivan go bhfuil an doras fós ar oscailt má theastaíonn ó na ceardchumainn dul i mbun cainteannaí[1] féachaint leis an stailc a sheachaint. Ach dúirt an TUI go bhfuil siad cinnte ag an gcéim seo go leanfar ar aghaidh leis an stailc amárach. Tá stailc lae eile beartaithe i mí Eanáir 2015.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4, i mBaile Átha Cliath.

[1] *cainteanna* atá sa Chaighdeán Oifigiúil